C/2025/3187

10.6.2025

**Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún** [1]

(C/2025/3187)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

**(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)**

**'Oltina'**

**PDO-RO-A0611-AM02**

**Dáta na teachtaireachta: 12.3.2025**

1. **Ainm an táirge**

'Oltina'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Rómáin

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Oifig Náisiúnta um Tháirgí Fíniúna agus Fíona (ONVPV), Şoseaua Iancului 49, Ceantar 2, 021719, Búcairist, an Rómáin

Teil. +40 212505097

R-phost: office@onvpv.ro

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge a dhéanann difear don doiciméad aonair, i gcomhréir le hAirteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Athrú ar an limistéar geografach críochaithe lena laghdaítear an limistéar táirgeachta

Leasaíodh an tsonraíocht táirge maidir le limistéar geografach críochaithe an ATFC trí Bhardas Aliman (Contae Constanța), mar aon le sráidbhailte Aliman, Dunăreni, Vlahii agus Floriile, a scriosadh ón limistéar sainithe le haghaidh tháirgeadh fhíon ATFC Oltina.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tá údar leis an leasú sin toisc gur áirigh comhlachas na dtáirgeoirí a bhainistíonn an ATFC sin an bardas sin agus a shráidbhailte i limistéar críochaithe ATFC Murfatlar. Thug na mínithe i litir Tag. 1548 an 12 Lúnasa 2024 a rinne iarratas ar leasú ar shonraíocht an ATFC 'Murfatlar', arna fhormheas ar an leibhéal náisiúnta le Cinneadh Uimh. 197 ó ONVPV an 2 Nollaig 2024 agus ina dhiaidh sin ar leibhéal an Aontais, údar leis an ngníomhaíocht sin agus is iad a spreag an ghníomhaíocht.

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm**

Oltina

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

—

Saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta geala - bíonn dath idir buí na tuí agus glasbhuí orthu agus bíonn aigéadacht agus torthaíocht mhaith acu - torthaí dea-aibí (úlla), mil, cnónna, dea-bholaithe torthaí coimhthíocha (bananaí, anainn). Fíonta *rosé* - bíonn dath bándearg éadrom orthu, go ginearálta caomhnaíonn siad a ndea-bholaithe torthaíocha (torthaí foraoise úra nach mbíonn an-aibí). Fíonta dearga - bíonn dath idir dúdhearg agus dearg dian scothchorcra orthu, bíonn siad searbh a bheag nó a mhór, baineann blas féarúil agus léiriú boltanach leo a chuireann lena neart, bíonn siad lán le comhdhúile feanólacha, a thugann braistint iomláine; nuair a aibítear/aosaítear iad, baineann gairbhe mhaolaithe agus dea-bholaithe cuiríní, fraochán gorm, piobair sillí, (sailchuacha uaireanta) leo, ach torthaí foraoise freisin.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,00

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 1,2

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 250

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais fhíoneolaíocha

Cleachtas saothraithe

Dlús plandaithe: 3 500 planda/ha ar a laghad. Ní cheadaítear uisciú ach amháin le linn blianta triomaigh, le fógra ONVPV, nuair a thiteann an cion uisce san ithir ag doimhneacht 0-100 cm go 50 % den ETG (eatramh taise gníomhaí), agus caighdeáin réasúnta uiscithe (400-600 $m^3$/ha) á gcur i bhfeidhm.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha Sauvignon, Fetească regală, Merlot agus Syrah, atá go hiomlán aibí nuair a bhuantar iad

   14 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha Riesling Iodálach agus Crâmpoșie, atá go hiomlán aibí nuair a bhuantar iad

   13 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha Fetească albă, Chardonnay, Pinot gris, Muscat Ottonel agus Burgund Mare, atá go hiomlán aibí nuair a bhuantar iad

   12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha Cabernet Sauvignon agus Pinot noir, atá go hiomlán aibí nuair a bhuantar iad

   10 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

5. Cineál Fetească neagră, atá go hiomlán aibí nuair a bhuantar é

   9 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. Cineálacha Sauvignon, Fetească regală, Merlot agus Syrah, atá go hiomlán aibí nuair a bhuantar iad

   87 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. Cineálacha Riesling Iodálach agus Crâmpoșie, atá go hiomlán aibí nuair a bhuantar iad

   81 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. Cineálacha Fetească albă, Chardonnay, Pinot gris, Muscat Ottonel agus Burgund Mare, atá go hiomlán aibí nuair a bhuantar iad

   74 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. Cineálacha Cabernet Sauvignon agus Pinot noir, atá go hiomlán aibí nuair a bhuantar iad

   62 heictilítear in aghaidh an heicteáir

10. Cineál Fetească neagră, atá go hiomlán aibí nuair a bhuantar é

    56 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Contae Constanța:

— Bardas Ostrov: sráidbhailte Ostrov, Almălău agus Galița;

— Bardas Oltina: sráidbhailte Oltina, Satul Nou, Răzoarele agus Strunga;

— Bardas Lipnira: sráidbhailte Lipnița, Coslugea agus Canlia;

— Bardas Ion Corvin: sráidbhailte Ion Corvin, Viile, Crângu, Brebeni agus Rarişte;

— Baile Băneasa: baile Băneasa agus sráidbhailte Negureni agus Făurei;

— Bardas Chirnogeni - sráidbhaile Chirnogeni.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Burgund Mare N - Grosser Burgunder, Blaufrankisch, Kekfrankos, Frankovka, Limberger

Cabernet Sauvignon N - Petit Vidure, Burdeos tinto

Chardonnay B - Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Crâmpoșie B

Fetească albă B - Păsărească albă, Poama fetei, Madchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N - Schwarze Madchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B - Konigliche Madchentraube, Konigsast, Ktralyleanka, Dănășană, Galbenă de Ardeal

Merlot N - Bigney rouge, Plant Medoc

Muscat Ottonel B - Muscat Ottonel blanc

Pinot Gris G - Affumé, Grau Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Pinot noir N - Blauer Spätburgunder, Blauer Burgunder, Burgund mic, Burgunder roter, Klävner Morillon Noir

Pinot noir N - Spätburgunder, Pinot nero

Riesling italian B - Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Sauvignon B - Sauvignon Blanc

Syrah N - Shiraz, Petit Syrah

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

*Nasc leis an limistéar críochaithe*

Tá an limistéar fíonsaothrúcháin suite in iardheisceart Dobrogea, ar an uillinn a chruthaítear leis an Danóib (Balta Ialomiței) agus ar an teorainn leis an mBulgáir, agus trasnaítear é leis an líne dhomhanleithid 44°10′ ó thuaidh. Tá na fíonghoirt grúpáilte timpeall ar na lárionaid seo a leanas: Ostrov, Băneasa, Oltina agus Aliman.

Tá an rilíf mar chuid d'ardchlár struchtúrach Oltina, ag a bhfuil airdí idir 130 agus 200 m, ilroinnte ag gleannta doimhne a bhfuil fánaí claonta agus grádáin idir 10° agus 30° acu. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil formhór na bplandálacha fíniúnacha suite ar an leibhéal is ísle agus, go háirithe, ar fhánaí chlaífort na Danóibe agus ar fhánaí gleannta caise ar craobh-aibhneacha iad den abhainn. Is minic a bhíonn fánaí den sórt sin léibheannaithe agus a n-aghaidh ó thuaidh, soir ó thuaidh agus siar ó thuaidh.

Faoi thionchar sruthanna aeir, cruthaítear miocraeráid shéimh amhail sin a bheadh ann san earrach lena n-áirithítear aibiú luath na bhfíonchaor le linn chéimeanna I agus II agus aibiú mall na gcineálacha déanacha.

Tá na rátaí sreafa laghdaithe agus scortha ag screamhuisce nó tá doimhneacht mhór aige. Leis an Danóib agus na gnéithe atá ann cheana sa limistéar, cruthaítear miocraeráid a sholáthraíonn bogthaise, teas agus solas fabhrach do na fíniúnacha.

Is aeráid a bhaineann go sonrach leis an réigiún ar fad í an aeráid, atá an-ilchríochach i dtéarmaí teochta agus báistí. Tm=11 °C (- 1 °C i mí Eanáir, + 22 °C i mí Iúil); Pm=450-500 mm (imghalú suas le 650-700 mm). Acmhainní héiliteirmeacha tairbhiúla: grianradaíocht dhomhanda - 128 kcal/cm$^2$, an t-achar a scalann an ghrian - 2 200-2 300 uair an chloig, teochtaí deimhneacha iomlána - 4 100-4 200 °C/bliain; tréimhse gan sioc - 204 lá in aghaidh na bliana; bogthaise choibhneasta - idir 64 % agus 80 %. Bíonn an teocht is ísle i mí Eanáir, ag -30 °C, agus bíonn an teocht is airde i mí Lúnasa, ag thart ar + 40 °C.

Bíonn an méanachar míosúil a scalann an ghrian iarbhír le linn na tréimhse fásra idir 187 agus 315 uair an chloig. Bíonn an mheánteocht aeir mhíosúil i dtréimhse an fhásra idir 10,7 agus 22 °C.

Rilíf

Is éard atá i rilíf an limistéir a shaothraítear le fíniúnacha cnoic ag a bhfuil idirdhromanna cnocacha, ag a bhfuil airdí idir 100 m agus 200 m; fágann sé sin gur féidir, mar gheall ar theochtaí an gheimhridh, fíniúnacha a fhás i gcóras neamhchosanta nó foirmeacha arda nó leath-arda a úsáid agus spoir chúltaca ag bonn an phlanda.

Is mollasail seornaiseoim de chuid na n-ardchlár iad ithreacha criosacha (searnaiseoim dhonna, gnáthsheornaiseoim, seornaiseoim chaimbeacha agus chréúla-inláisteacha, gréiseoim), agus is reigeasail agus ithreacha creimthe iad na hithreacha neamhchriosacha ar na fánaí atá creimthe go mór.

Léirítear an fhostratam geolaíoch le ciseal lóis tiubh (30-40 m) a chlúdaíonn malartú gaineamhchloiche, aolta agus gaineamh treasach sa chuid uachtarach d'ardán Dobrogea sa limistéar sin.

Mar gheall ar an suíomh a fhágann go mbaineann na fíniúnacha leas as dálaí fabhracha aeráide, treoíocht mhaith, treoshuíomh ón tuaisceart go dtí an deisceart fhormhór na sraitheanna, agus na hithreacha cailcreacha atá lán le hocsaídí iarainn, bíonn saintréithe struchtúracha ar leith, blas agus boladh sonrach, agus raon datha ar leith sna fíonta a fhaightear ó na cineálacha fíniúna. I gcás na bhfíonta geala, dath buí na tuí agus buíghlas bríomhar a bhíonn i gceist, agus i gcás na bhfíonta dearga idir dúdhearg agus dearg-scothchorcra dian a bhíonn i gceist.

Cuireann teicneolaíochtaí fíonóireachta rialaithe nua coimpléasc aramatach agus torthaíocht na bhfíonta i dtábhacht.

Tagann an táirgeadh laistigh de na teorainneacha chun fíonta ar ardchaighdeán a fháil mar gheall ar an suíomh i ndeisceart Chontae Constanța, áit a dtacaíonn déine na gréine agus an t-achar a scalann an ghrian, an teocht, an fhrasaíocht agus na hithreacha aoil atá lán le hocsaídí iarainn le táirgeadh fíonta struchtúrtha, atá lán le heilimintí a bhfuil tábhacht phríomhúil ag baint leo le haghaidh fíonta (méid siúcra, aigéadacht, comhdhúile dea-bholaithe, comhdhúile feanólacha etc.)

Tá ról tábhachtach ag an rilíf i gcáilíocht na bhfíonchaor geal agus dearg agus tá na fánaí a bhfuil a dtreoíocht soir fabhrach, go háirithe sa limistéar láir; le linn dálaí atmaisféaracha socra, áirithítear leis sin cúrsaíocht mhall aeir trasna na bhfánaí. Carnann líocha antóiciainine níos fearr i bhfíonchaora a shaothraítear ar fhánaí ná sna fíonchaora a shaothraítear ar thalamh cothrom.

Cuidíonn an aeráid ilchríochach as cuimse leis na fíonta dearga tríd an méid fuinnimh radanta a sholáthraítear leis na foirmeacha rilífe a mhéadú, riospráid a mhéadú, agus ar an gcaoi sin cion na n-aigéad orgánach sna fíonchaora a laghdú agus aigéadacht oiriúnach na bhfíonchaor a áirithiú ag aibíocht theicneolaíoch.

Bíonn na fíonta a fhaightear tathagach, ina mbíonn siúcra iarmharach go minic, oiriúnach lena n-aosú, agus is minic a bhíonn siad os cionn na tairsí 12 % d'alcól de réir toirte.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

*Coinníollacha margaíochta*

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh, ag brath ar leasanna na dtáirgeoirí, le ceann amháin de na hainmneacha fíonghoirt aonair seo a leanas: OSTROV, LIPNIȚA, VIILE, DERVENT, RĂZOARE, CHIRNOGENI.

**Nasc chuig an tSonraíocht táirge**

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_sarcini_doc_oltina_modif_cf_cererii_1603_26.08.2024_no_track_changes.pdf